

Bacainní ar sheirbhísí vacsaínithe a mhapáil

Léiríonn taighde nua a rinneadh sa tionscadal *'Dul i ngleic le Constaicí ar Vacsaíniú'* na príomhbhacainní in aghaidh shaoránaigh an Aontais maidir le vacsaíniú. Áiríodh sna príomhbhacainní céimeanna riaracháin agus praiticiúla atá riachtanach le vacsaíniú a thabhairt agus infhaighteacht Cleachtóirí Cúraim Sláinte (HCP) Faoi thuilleadh eolais faoi thaighde an tionscadail is déanaí.

Réamhrá:

Is é an laghdú le déanaí ar chumhdach vacsaínithe thar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh is cúis le ráigeanna nua galar inchoiscithe trí vacsaíniú. Rinne paindéim COVID-19 cúrsaí níos casta arís, ag tabhairt dúshlán maidir le leanúnachas na ngnáthchlár vacsaínithe.

Chun rátaí vacsaínithe a mhéadú, is ríthábhachtach an ról a bhíonn ag tosca 'áisiúlachta' i dturais vacsaínithe, ina mbíonn codanna sistéamacha a thacaíonn le vacsaíniú. Cé go ndíríonn tosca muiníne agus réchúise ar iompar agus ar dhearcadh aonair maidir le vacsaíniú, is iad na tosca áisiúla a bhaineann le gnéithe fisiciúla, praiticiúla agus riaracháin a dhéanann measúnacht ar fheiliúnacht na seirbhísí vacsaínithe atá ar fáil d'othair chun a nglacadh a éascú. D'fhiosraigh an tionscadal *'Dul i ngleic le Constaicí ar Vacsaíniú'* go sonrach constaicí riaracháin, praiticiúla agus fisiceacha ar vacsaíniú.

Faoi Thasc 1 *'Seirbhísí vacsaínithe i ngach Ballstát den Aontas Eorpach a mhapáil chun constaicí ar vacsaíniú a shainaithint'*, d'oibrigh foireann an tionscadail le húdaráis agus le saineolaithe cúraim sláinte chun bacainní a shainaithint a mbíonn ar shaoránaigh dul i ngleic leo chun scéimeanna vacsaínithe a rochtain. Rinne saineolaithe náisiúnta taighde ar leibhéal tíortha, saineolaithe a raibh an saineolas ábhartha acu i vacsaíniú, imdhíoneolaíocht, sláinte agus taighde sóisialta. Rinne na saineolaithe sin athbhreithniú litríochta agus deisce ag baint úsáid as foinsí náisiúnta agus rinne siad agallamh le húdaráis sláinte ábhartha, chomh maith le hagallaimh bunaithe ar cibé acu a bhí rialachas réigiúnaithe nó láraithe ag an tír.

Príomhthorthaí:

- ◆ **Rialachas:** Bíonn difríocht i gclár vacsaínithe i measc na mBallstát; glacann an chuid is mó dóibh clár náisiúnta a chuireann treorlínte agus sceidil chaighdeánaithe ar fáil. Tá éagsúlacht shuntasach ann i leibhéal lárúcháin idir na stáit, as a leanann inniúlachtaí agus éagsúlachtaí difriúla sa dearadh agus i gcur i bhfeidhm na gclár vacsaínithe i gcórais dlíraithe.
- ◆ **Soláthar seirbhísí vacsaínithe:** Is iad dochtúirí ginearálta (DGanna) príomhchumarsáidithe na seirbhísí vacsaínithe. Is é glao ar an DG nó ar an ionad cúraim sláinte ábhartha an córas áirithintí is coitianta atá ar bun. Tugadh isteach agus méadafódh áirithintí leictreonacha chomh maith le córais mhonatóireachta, áfach, tar éis COVID-19.
- ◆ **Maoiniú:** Den chuid is mó bíonn vacsaíniú don óige, i gcás grúpaí molta, saor in aisce ag pointe an tseachadta nó trí aisíocaíocht (i.e., an Bhruitíneach, an Leicneach agus Rubella (MMR), Póilió, Meiningeacócúil C ((MenC/MenACWY) agus Papalómaivíreas Daonna (HVP)). Ar an mbealach céanna, bíonn vacsaíniú do dhaoine fásta (i.e. fliú séasúrach agus COVID-19) saor in aisce go ginearálta i gcás grúpaí molta, cé gur féidir go n-éilíonn roinnt Ballstát íocaíochtaí as póca.
- ◆ **Bacainní fisiceacha, praiticiúla agus riaracháin ar vacsaíniú:** Baineann na bacainní is coitianta a sainaithníodh le céimeanna riaracháin agus praiticiúla atá riachtanach chun vacsaín a fháil (e.g. córais mhonatóireachta, céimeanna riaracháin do shaoránaigh), agus ina dhiaidh sin fáil ar Chleachtóirí Cúraim Sláinte (HCP), for-rochtain seirbhísí vacsaínithe (e.g. faisnéis agus feasacht don phobal) agus áisiúlacht na seirbhísí vacsaínithe (e.g. uaireanta oscailte na seirbhísí vacsaínithe).

- ◆ **Cleachtais chumasúcháin a sainathnódh:** Cuirtear feachtais faisnéise don phobal i bhfeidhm go coitianta sa chuid is mó de na Ballstáit chun bacainní for-rochtana a shárú mar a bhaineann le heaspa eolais ar vacsaíní.

Rialachas agus monatóireacht ar chláir vacsaínithe

Sna deiceanna de bhlianta anuas tharla aistriú i dtreo córais mhonatóireachta níos digití, agus chuir paindéim COVID-19 leis sin. Lean cur i bhfeidhm na gclár ar mhórscaala a éascaíonn bailiú faisnéise as sin. Bíonn córais mhonatóireachta ar vacsaíní sna Ballstáit ag aistriú i dtreo modhanna atá níos digití agus níos éifeachtúla. D'éascaigh sé sin monatóireacht ar shonraí ar chumhdach vacsaínithe i bhfíor-am, rochtain ar shonraí chun turas vacsaínithe othar a rianú agus cumas saoránach a stádas vacsaínithe a sheiceáil.

Soláthar seirbhísí vacsaínithe

Bhí sé i gceist le mapáil seirbhísí vacsaínithe gach céim ar thuras vacsaínithe saoránach a shainathint: na modhanna for-rochtana a d'úsáid seirbhísí cúraim sláinte le faisnéis a cur in iúl do shaoránaigh maidir lena vacsaínithe sceidealta, riachtanais réamhthugtha (e.g. má tá oideas leighis de dhíth), nósanna imeachta áirithintí (e.g. coinne le cur in áirithe leis an dochtúir nó ar líne), fad taistil chuig an láthair vacsaínithe agus costas, más ann dó, ar an vacsaín agus ar a thabhairt.

Tosaíonn turais nuair a chuirtear saoránaigh ar an eolas agus nuair a thugtar meabhrúcháin maidir lena sceidil vacsaínithe. Cuireann údarais sláinte ar fud an Aontais straitéisí difriúla i bhfeidhm le cuireadh a thabhairt do shaoránaigh a gcuid vacsaínithe riachtanacha a fháil. Ina measc tá:

- ◆ Feachtais náisiúnta chumarsáide le feachtas ar chláir vacsaínithe a mhúscaill agus meáin amhairc (e.g. paimfléid agus póstaer) ag suíomhanna tugtha vacsaínithe, ar nós clinicí leanaí, otharlann, lialann DG, etc. agus bealaí digiteacha (suíomhanna gréasáin faisnéiseacha, ionaid mheán, suíomhanna gréasáin tiomnaithe COVID-19, etc.) mar fhreagairt do bhacainní for-rochtana ar nós leibhéil ísle eolais ar vacsaíní agus ar chláir vacsaínithe.
- ◆ Cuirí díreacha digiteacha seolta ag údarais sláinte chun vacsaíní, nó chun leanaí a thabhairt chun vacsaíní (trí ardáin othar ar líne, meabhrúcháin SMS, ríomhphoist) nó via bealaí páipéarbhunaithe, ar nós litreacha cuiridh, paimfléid fhaisnéiseacha seolta chuig tuismitheoirí chun bacainní riaracháin ar áiseanna monatóireachta na seirbhísí vacsaínithe a shárú (i.e. easpa bunachar sonraí imdhíonta comhaontaithe).

Roimh an vacsaín a thabhairt, éilíonn roinnt vacsaínithe oideas agus/nó toiliú tuismitheora, mar atá i gcás vacsaínithe don óige agus do dhéagóirí.

Tá córas áirithintí leictreonach le haghaidh coinní vacsaínithe ag go leor Ballstát. Tá difríochtaí sa dearadh agus i gcur i bhfeidhm na gcóras leictreonach, áfach, go háirithe in áiteanna a bhfuil an córas sláinte réigiúnaithe.

Spreag COVID-19 cur i bhfeidhm na gcóras áirithintí agus monatóireachta in áiteanna nach raibh siad ann roimhe sin. In ainneoin éagsúlachtaí i roghanna áirithintí ar chineálacha vacsaíní, tairgeadh raon éagsúil roghanna do COVID-19 le glacadh a uasmhéadú i dtréimhse ghearr. Tá éifeacht le roghanna malartacha gan a bheith páirteach, cé go raibh siad níos ísle ná an rogha a bheith páirteach, chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna digiteach a bhíonn ag daoine scothaosta agus ag grúpaí atá deacair a bhaint amach. Ar an mbealach céanna, lean vacsaínithe scoile múnla gan a bheith páirteach, rud a chuíchóirigh an próiseas do leanaí agus dá dtuismitheoirí.

Tá ról ríthábhachtach le himirt ag gairmithe cúraim sláinte (HCPanna) an Aontais sa phróiseas vacsaínithe, ag cur leis an rochtain agus páirteachas i meabhrúcháin ar choinní agus scaipeadh faisnéise iontaofa faoi vacsaíní. Is iad na DGanna agus péidiatraithe na gairmithe amháin atá údaraithe le vacsaíní a thabhairt i mórchuid na dtíortha de ghnáth, agus roinnt eisceachtaí a cheadaíonn altrai an ról seo a dhéanamh freisin. Le linn na paindéime, leathnaigh roinnt tíortha an bhuíon gairmithe cúraim sláinte údaraithe chun vacsaíní a thabhairt leis an éileamh méadaithe ar vacsaíneoirí a chomhlíonadh. Mar shampla, i dtíortha, áit nach raibh ról mór ag cógaslanna i vacsaíní, rinne cógaslanna rochtain ar vacsaínithe in aghaidh fluí séasúrach agus COVID-19 a shimpliú.

Maoiniú

Bíonn vacsaíniú do dhaoine fásta saor in aisce go ginearálta do ghrúpaí molta, cé gur féidir go n-éilíonn roinnt tíortha íocaíochtaí as póca. Mar an gcéanna, bíonn vacsaínithe don óige, i gcás grúpaí molta, saor in aisce den chuid is mó ag pointe an tseachadta nó trí aisíocaíocht. Tá éagsúlacht i maoiniú na vacsaíne MenC san Eoraip, mar braitheann cuimsiú i gcláir vacsaínithe ar an oiread ráigeanna galar.

Bacainní ar vacsaíniú

Rinneadh bacainní ar vacsaíniú a bhrailsiú ina seacht gcatagóir (céimeanna riaracháin nó praiticiúla le vacsaíniú a fháil; fáil ar HCPanna; for-rochtain ar sheirbhísí vacsaínithe; áisiúlacht seirbhísí vacsaínithe; ceanglais airgeadais seirbhísí vacsaínithe; gaireacht gheografach do sheirbhísí vacsaínithe; soláthar vacsaíní), a chuimsíonn na príomhfhadhbanna a sainaithníodh síos tríd an turas vacsaínithe. Rinne an fhoireann i ngach braisle na fobhacainní a shainaithint, a chuireann bac ar rochtain ar vacsaíniú, a chlúdaíonn idir chéimeanna riaracháin agus praiticiúla do shaoránaigh nó HCPanna agus fáil agus soláthar vacsaíní, uaireanta oscailte na seirbhísí vacsaínithe agus éascú áirithe.

Tá éagsúlacht sna bacainní sainaitheanta thar thurais vacsaínithe, a imríonn tionchar ar spriocghrúpaí nó ar vacsaíní. Cuireann constaicí airgeadais bac ar thurais vacsaínithe don óige agus do dhéagóirí, in éineacht le heaspa eolais nach beag, mar shampla, ar an vacsaín Papalómaivíreas Daonna (HVP). I gcás vacsaínithe do dhaoine fásta, baineann an phríomhbhacainn le heolas easnamhach, mar shampla ar vacsaíniú in aghaidh teiteanaís agus COVID-19, agus bacainní airgeadais mar chonstaic chun an vacsaín in aghaidh fluí séasúrach a fháil.

Tá bacainní riaracháin agus praiticiúla ina bpríomhchonstaic i dturais vacsaínithe thar an gcuid is mó de Bhallstáit, ina measc, cuireann éagsúlachtaí sna córais tuairiscithe bac ar chomhroinnt náisiúnta sonraí agus ar chéimeanna riaracháin a chuireann am amú ar ghairmithe cúraim sláinte. Ina theannta sin, tá bacainní for-rochtana ann dá lán Ballstát a bhaineann leheolas poiblí easpach agus easpa tuisceana ar chúrsaí leighis, agus ba é easpa HCPanna an phríomhfhadhb ar fud na mBallstát. Chomh maith leis sin, tuairiscítear easpa áisiúlachta i seirbhísí vacsaínithe in go leor Ballstát, agus tuairiscíonn cuid eile bacainní a bhaineann le gaireacht gheografach, constaicí airgeadais (e.g. costais iompair, caillteanas ioncaim do dhaoine aonair nó costais airgeadais ar sholáthar vacsaíní d'údarais sláinte) agus i roinnt Ballstát, shainaithin saineolaithe dúshlán a bhaineann le fáil ar vacsaíní agus soláthar.

Cleachtais chumasúcháin a sainaithníodh agus réamh-mholtaí

Tá raon cleachtas curtha i bhfeidhm ag údarais sláinte chun bacainní fisiceacha agus riaracháin a laghdú. Tá baint ag go leor gnéithe le haghaidh a thabhairt ar bhacainní córais-bhunaithe agus áirítear leo sin gníomhartha éagsúla ag leibhéal náisiúnta. I measc na gníomhartha sin tá:

- ◆ Feachtas faisnéise poiblí a dhearadh agus a rolladh amach
- ◆ Aistriúchán ar fhaisnéis do ghrúpaí atá deacair a bhaint amach
- ◆ Sainiúint do HCPanna
- ◆ Córais mhonatóireachta leictreonacha a thabhairt isteach
- ◆ Vacsaíniú a thabhairt go díreach chuig an bpobal via tionscnaimh dhifriúla
- ◆ Líon na speisialtóirí atá údaraithe le vacsaíniú a mhéadú

Maidir leis na cleachtais sin, thug saineolaithe na dtíortha roinnt réamh-mholtaí bunaithe ar agallaimh le húdarais náisiúnta sláinte agus ar athbhreithniú ar an litríocht. Ina measc tá:

- ◆ Feachtais faisnéise a chruthú agus a dhearadh
- ◆ Oiliúint a chur ar HCPanna i gcumarsáid faoi vacsaíniú
- ◆ Oideachas faoi shláinte poiblí
- ◆ Córas meabhrúcháin don phobal a thabhairt isteach agus a rolladh amach
- ◆ Ionaid vacsaínithe mhóibíleacha a thabhairt isteach

Conclúid

Cuireann an staidéar seo béim ar an tábhacht a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar bhacainní ar vacsaíniú agus béim ar ghnéithe sistéamacha a thacaíonn le seirbhísí vacsaínithe agus a thugann tuiscint chuimsitheach ar chonstaicí in aghaidh saoránachar fud na mBallstát. Cuireann na torthaí béim ar an tábhacht a bhaineann le tosca 'áisiúlachta' i dturais vacsaínithe, agus ar an ngá atá le spriociarrachtaí so-úsáidte seirbhísí vacsaínithe ag othair a fheabhsú chun glacadh a fheabhsú.